

PÁIDÍN MAC CÁRTHA AGUS NA SIDHEOGAÍ

Sé an áit a raibh Páidín Mac Cátha 'na chomhnuidhe i bparáiste Anach Cuain. Lá amháin ins an bhfóghmhar d'imthigh sé amach suas an gort go bhfeicfeadh sé a raibh an cruithneacht i ndon a bhainte. "Uf-Uf" ar seisean, "tá sé amugha, thar a bhaint. D'éirigh sé ar maidin go moch Dia Sathairn. Rug sé ar a chorrán agus thosaigh sé a baint na cruithneacht'. Níor bhfada a bhí sé gur airigh sé fear agus capall ag teacht taobh amuigh den chlaide. "Is maith é do chúlán cruithneacht" ar seisean. "Thóg Páidín a cheann. "Tá sé go han-mhaith a dhuine uasail" ar seisean, "ach tá sé amugha gan a bhaint." "Druid liom anall" ars an duine uasal. "An dtiocfá liom-sa cupla uair a'chluig trathnóna agus gheobhfaidh mé bainte, ceangailte, stocáilte do chuid cruitneacht', agus geallaim dhuit go bhfeicfidh mé slán sábháilte thú gan díobháil ar bith dhuit." "M'anam ó Dhia" arsa Páidín, gur maith liom an cead a fhágáil." "Bí réidh" arsa an duine uasal, "ag a cúig a chlog trathnóna, agus bí thart annseo." Isteach le Páidín ins a' teach agus a chorrán ar a ghualainn. "Arra th'anam ón diabhal" ars an bhean, cá bhfuil tú ag tigheacht agus do chuid cruithneacht amugha gan a baint?" "Ná bac leis an gcruithneacht" arsa Páidín, "ach cuir síos braon uisce te go mbearraidh mé mé féin." "Arra go leághaidh an diabhal thú, cén mí-ádh atá ort!" "Ná bac leis" arsa Páidín, "déan an rud atá mé a rádh leat."

D'imthigh sí amach le cuthach agus an uair a ghabh sí amach an doras chonnaic sí an cúlán cruithneacht bainte, ceangailte agus stocáilte. "A-bu-bú" ar sise, ag bualadh na mbos faoi chéile, "a dhiabhail," ar sise, "tá tú sna daoineibh maithe." "Ná bac leis" arsa Páidín.

Bhí sé ag siubhal thart go dtí an cúig a chlog, agus ar bhuille an cúig tháinig an sluagh sidhe ó Chnoc Meádh aníos agus d'arduigh siad leobhtha Páidín, agus sé an áit a rabhadar a dul suas ar an gCailín Liath, idir Áth an Ríogh agus an Turlach Mór, in áit a raibh lánamhain óg a' pósadh an lá sin. Bhí bainnis mhór ann agus agus bhí na daoine maithe leis an bhean óg a thabhairt leobhtha an oidhche sin, agus ní raibh goir aca í a thabhairt leobhtha go ndéanfadh duine saoghalta droch-shúil duithe.

Chuir na sidheoga barradh ar Pháidín an uair a dhéanadh an bhean óg sraoth, seaachain a ndéarfadh sé "Dia 's Muire linn." "Déanfaidh sin" adeir Páidín. Bhí an bhainnis dhá caitheadh sa teach seo. Meall mór daoine ann. Bhí na sidheogaí agus Páidín thuas os cionn na ndaoíní. Bhí an lánamhain óg 'na suidhe ag ceann an bhuird thíos. Bhí rí rá agus spóirt, cainnt agus cómhra ar bun ar fud an tige. Chuir an bhean óg nua-phosta sraoth aisti. "Dia 's Muire linn" arsa Páidín. Chruinnigh na sidheoga thart air. "Tuige ar dhubairt tú é sin?" ar siad san. "M'anam nach raibh fhios agam é" adeir Páidín. "Ná déan níos mó é" arsa ceann acu. Is gearr arís a chuir an bhean óg sraoth aisti. "Dia 's Muire linn" arsa Páidín. Rug na sidheoga ar Pháidín agus chaith siad síos é i gceart lár an bhuird ag lucht na bainnse. Leagadh buird

agus cathaoireacha agus roinneadh daoine trí na chéile agus ritheadar amach na gort agus na garrantaí. "Hold! Hold!" adeir Páidín, "ná bíodh faitcheas oraibh a mhuirgnín." Thog sé scaitheamh fada Páidín foighid a chur ins na daoine, gur mhínigh sé an sgéal díobhtha.

Bhí ithe agus ól ag Páidín go maidean. Nuair a bhí an bhainnis thart "tá sé in am agam" arsa Páidín "a bheith triall abhaile." "Tá mé buidheach díot" arsa an fear óg nua-phósta, "is tú shábháil mo bhean." 'Mach le Páidín. Bhuaile sé smugairle ar a mhaide agus thriall sé abhaile. Ní raibh duine ina shuidheamh ar an mbaile ar maidin Dia Domhnaigh nuair a tháinig sé abhaile. Fuair sé a chúlán cruithneacht sgaoilte, caithte soir siar. "Aríst go bráth" arsa Páidín, "ní bheidh aon déaláil leis na daoineibh maithe agam." Chaith sé féin agus an sean-chailín ag troid ar feadh seachtmhain. Sin mar a chríochnuigh Páidín Mac Cártha leis na sidheoga.

Recorded by: John Treacy (32), Court Clerk, Tuaim, Co. Galway, June 1930.

Storyteller: Bartly Walsh (70), Béal Chláir, Tuaim.